

Scéim na Leabhar Saor in Aisce



Eochairfhocail: riarachán, scéim, suirbhé, comhdháil bhliantúil

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén fáth a bhfuil Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-phríomhoidí ag iarraidh athruithe a chur i bhfeidhm maidir le Scéim na Leabhar Saor in Aisce?
2. Cé mhéad ball de Chumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-phríomhoidí a ghlac páirt sa suirbhé a rinneadh i mí Mheán Fómhair?
3. Cá raibh comhdháil bhliantúil an NAPD ar siúl i mbliana?
4. Breac síos deacracht amháin a bhaineann leis an Scéim, dar le hÚna Ní Ghríofa.
5. Cad é an rud is mó a chuireann isteach ar an méid ama a chaitheann príomhoidí agus leas-phríomhoidí le teagasc ar scoil?
6. Cad a chreideann breis is caoga faoin gcéad de na daoine a ghlac páirt sa suirbhé?
7. Cathain a thiocfaidh deireadh leis an gcomhdháil?
8. Cén duine a thiocfaidh ag an gcomhdháil le labhairt leis na príomhoidí agus na leas-phríomhoidí?



Scéim na Leabhar Saor in Aisce



Eochairfhocail: riarachán, scéim, suirbhé, comhdháil bhliantúil

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Gníomhaíocht Labhartha:

Anois, ag obair le do pháirtí ranga, déanaigí plé ar na ceisteanna seo a leanas.


- An maith leat a bheith ag léamh? Cén fáth?
- An bhfuil aon leabhar á léamh agat faoi láthair?
- Cad é an leabhar is fearr leat? Cén fáth?
- Ar léigh tú leabhar le déanaí nár thaitin leat? Cén fáth nár thaitin sé leat?
- An fearr leat ficsean nó neamhfhicsean? Cén fáth?
- Cén saghas seánra is mó a thaitníonn leat? Cén fáth?
- An úsáideann sibh téacsleabhair ar scoil nó an ndéantar gach rud ar ríomhaire?
- An dtaitníonn aon údar ar leith leat? Cén fáth?

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Samhlaigh gur príomhoide meánscoile tú agus gur fhreastail tú ar Chomhdháil Chumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-phríomhoidí. Scríobh comhrá samhailteach a bheadh agat le príomhoide eile agus sibh ag caint faoi Scéim na Leabhar Saor in Aisce. Is leor 100 focal don chomhrá. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.



Scéim na Leabhar Saor in Aisce



Is mór an t-ualach oibre orainn í	Ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana
Glacann sé uaireanta an chloig orm ...	Caithfear athruithe a dhéanamh ar...
Iomarcach	Faoi strus agus faoi bhrú
Lochtach	Tá buntáistí ag baint leis an Scéim áfach
Neosfaidh an aimsir	Cá bhfios

Freagraí

- Cuireann sé leis an ualach oibre atá ar phríomhoidí
- 300
- Cathair na Gaillimhe
- Athrú ábhair i measc scoláirí, fadhbanna stórála, fadhbanna athchúrsála, easpa tuisceana ar fhad na Scéime i rith na bliana
- An t-ualach oibre a bhaineann le cúrsaí riaracháin
- Gur céim chun cinn í an Scéim maidir le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh le costais ag tús na scoilbhliana
- Amárach
- An tAire Oideachais Hildegarde Naughton